

RABHARTA MÓR NA N-ÉAN.

Tá rabharta mór na n-éan a'tigheacht i dtús na Bealtaine. Fágann sé snátha mara ina dhiaidh. Níl aon fhaitíos ar na héanacha neadracha a dhéanamh sa snátha mara sin. Ní thiocfaidh aon rabharta mór eile sa samhradh chó hárd leis. Ní bhíonn rabhartaí nó tráigheanna móra ann arís go dtí tús an fhóghmhair. Tiocfaidh taoillí agus tráigheanna móra arís annsin.

